Cathaoirleach: Donnchadh Ó Luasaigh
Cisteoir: Diarmuid Ó Dálaigh

Rúnaí: Liam Seartan
eolas@colaistenamumhan.ie

COLÁISTE NA MUMHAN

**Béal Átha 'n Ghaorthaidh**
**Co. Chorcaí**
026 47071
www.colaistenamumhan.ie

# Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Coláiste chónaithe isea Coláiste na Mumhan, a chuireann cúrsaí trí seachtaine /coicíse ar fáil i rith an tsamhraidh, chun Gaeilge a mhúineadh do dhaltaí.

De reír na riachtanais san Acht um Chosaint Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí:Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017, agus leis na treorlínte leagtha síos ag TUSLA, tá toilithe ag Comhaltas Cholaiste na Mumhan leis an Ráiteas Um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach sa cháipéis seo.

1. Glacann Comhaltas Coláiste na Mumhan leis na Treorlínte ata leagtha amach ag an Roinn do scoileanna maidir le Cosaint Leanaí agus déanfar iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán seo maidir le Cumhdach Leanaí.

2. Is é Liam Seartan an duine idirchaidreamh ainmnithe (DIA) agus Donncha Ó Ceocháin an leas-DIA do chúrsa A. Is í Eibhlín Ní Chonchúir an DIA do chúrsa B 2018.

3. Tuigeann Comhaltas Coláiste na Mumhan go bhfuil cúrsaí cosanta agus leasa leanaí fite fuaite le gach gné de shaol an choláiste agus go gcaithfear é sin a léiriú i ngach uile ghné de nósanna imeachta, cleachtais, beartais, polasaithe agus gníomhaíochtaí an choláiste. Cloífidh Coláiste na Mumhan leis na prionsabail de shár-chleachtais seo a leanas maidir le cosaint agus leas leanaí:

4. Glacann Coláiste na Mumhan go ndéanfar:

   - ➢ glacadh leis go bhfuil fíorthabhacht le cosaint leanaí agus leas leanaí gan bheann ar aon cheist eile
   - ➢ comhoibriú iomlán leis na dualgaisí reathúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus aon reachtaíocht eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
   - ➢ comhoibriú iomlán leis na húdaráis reachtúla cuí maidir le cosaint agus leas leanaí ;
   - ➢ cleachtais agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun an riosca agus an dainséar go dtarlódh aon timpiste nó dochar d'aon dalta faoinár gcúram, a mhaolú chomh mór agus is féidir agus chun an foireann oibre a chosaint ó bhaol líomhain de dhrochíde nó faillí a d'fhéadfadh a bheith curtha ina leith;
   - ➢ forbairt agus cothú ar chleachtas cumarsáide oscailte le tuismitheoirí agus iad a spreagadh le bheith rannpháirteach i n-oideachas a bpáistí.
   - ➢ meas a léiriú ar riachtanas na rúndachta ag deileáil le cúrsaí cosaint leanaí.

5. Tá na nósanna imeachta / beartais seo a leanas ar bun faoi láthair:

   - I gcás ball ar bith den fhoireann atá mar ábhar d'iniúchadh ar bith (cibé slí ina thuairiscítear é) i leith aon ghníomh, neamhghníomh nó cúinse i leith linbh ata ag freastal ar an gcolásite, leanann an Coláiste na

nósann imeachta cuí a leagtar amach i gcaibidil a 7 den cháipéis *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* agus cloígheann an cholaiste leis na nósanna imeachta ábhartha araíonachta do bhaill foirne scoile atá foilsithe ar shuíomh idirlíne na Roinne.

- Cloígheann an cholaiste le riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí & Daoine Soghonta), 2012 go 2016 maidir le roghnú agus earcú baill foirne agus cloígheann freisin leis na treoir leathan maidir leis an dualgais cúraim atá leagtha sna ciorcláin ábhartha de chuid an Gharda a bhaineann le grinnfhiosrúcháin agus earcaíocht agus atá foilsithe ag an ROE agus atá ar fáil ar shuíomh idirlín na ROE.

- Maidir le soláthar an eolais agus, áit is gá, an teagaisc /oiliúnt do lucht foirne chun a shonrú go bhfuil díobháil tarlaithe (mar a shainmhínítear í in Acht 2015), tá na rudaí seo a leanas déanta ag an gcoláiste:
  - ➢ *cóip de ráiteas an Choláiste maidir le Cumhdach Leanaí tugtha do gach ball foirne*
  - ➢ *curtha in iúl don fhoireann go bhfuil oiliúnt chuí le bheith le bheith déanta roimh thús na gcúrsaí*
  - ➢ *spreagadh tugtha don Chomhaltas go mbeadh orthu oiliúnt chuí a dhéanamh*
  - ➢ *taifead á choimeád ag an gComhaltas ar an oiliúnt déanta ar lucht foirne agus bainistíochta*

- Maidir le hábhar imní i dtaobh na cosanta leanaí a thuairisciú do Thusla, ní mór don fhoireann na nósanna imeachta a leagtar amach sa cháipéis Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017 lena nairítear, i gcás múinteoirí cláraithe, na nósanna imeachta a bhaineann le tuairisciú sainordaithe.

- Ghlac an Chomhaltas leis an mbeirt DIA do na cúrsaí 2018 ag an gcruinniú ar an 11ú Aibreán 2018 agus a bheidh mar an chéad pointe teagmhála i leith an Ráitis um Chumhdach Leanaí.

- Is daoine faoi shainordú gach múinteoir atá cláraithe, agus fostaithe i gColáiste na Mumhan, faoin Acht um Thús Aite do Leanaí 2015

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, tá measúnacht curtha i gcrích ag an mBord maidir leis an mbaol go mbainfeadh díobháil fheideartha ar bith do leanbh a bheadh ag freastal ar an gcoláiste nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí an choláiste. Tá seo le fáil i scríbhinn in oifig an Choláiste.

- Chomh maith le sin, tá teacht ar na nósanna imeachta, go bhfuil tagairt déanta dóibh sa cháipéis seo, ar shuíomh idirlíne an Choláiste, ón DES agus ón gColáiste féin má chuirtear ceist.

6. Tá an ráiteas seo ar shuíomh idirlíne an Choláiste, tugtha do gach ball fóirne agus in oifig an Choláiste i rith na cúrsaí chomh maith. Tá cóip ar fáil do TUSLA agus don Roinn Oideachais & Scileanna dá n-iarrfaí orainn.

7. Athbhreithneofar an Ráiteas seo gach bliain nó a luaithe is indéanta tar éis d’athrú ábhartha a bheith déanta maidir le haon pointe tagartha sa ráiteas.

Glacadh leis an Ráiteas Um Chumhdach Leanaí seo ag cruinniú Chomhaltais Choláiste na Mumhan ar an 11ú Bealtaine 2018.

Sínithe: *Donnchadh Ó Luasaigh*
Cathaoirleach an Chomhaltais

Sínithe: *Liam Seartan*
Runaí an Chomhaltais